An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

**Tagairt an Choimisiúin um Chosaint Sonraí: IN-21-9-2**

**Maidir le TikTok Technology Limited**

**Achoimre ar an Cinneadh ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí**

Baineann an Cinneadh le Fiosrúchán a rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an '**Coimisiún**') ar TikTok Technology Limited ('**TikTok'**), rialaitheoir sonraí a bhfuil a phríomhbhunaíocht in Éirinn aige. Rinne an Coimisiún an Cinneadh an 30 Aibreán 2025, agus baineann sé le fiosrúchán reachtúil dá dheoin féin (an '**Fiosrúchán**') a thosaigh an Coimisiún an 14 Meán Fómhair 2021. Scrúdaíodh san Fhiosrúchán a mhéid a chomhlíon TikTok Airteagail 13(1)(f) agus 46(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus é ag aistriú Sonraí de chuid Úsáideoirí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) chuig an tSín.

**<u>Na hAistrithe chuig an tSín a breithníodh san Fhiosrúchán</u>**

Chuir TikTok in iúl don Fhiosrúchán nár stóráil sé Sonraí de chuid Úsáideoirí in LEE ar fhreastalaithe atá lonnaithe sa tSín. Ina ionad sin, ba é seasamh TikTok go dtí gur chuir an Coimisiún an dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid shásra comhair RGCS gurbh é a bhí i gceist leis na Sonraí de chuid Úsáideoirí in LEE a aistríodh chuig an tSín ná an chianrochtain a bhí ag pearsanra de chuid ghrúpa cuideachtaí ByteDance sa tSín ar na sonraí pearsanta sin. Dá réir sin, breithnítear sa Chinneadh cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon na haistrithe sin a rinneadh trí chianrochtain Caibidil V RGCS. Bhain raon feidhme ama an Fhiosrúcháin leis na hAistrithe Sonraí a rinneadh ón 29 Iúil 2020 go dtí an 17 Bealtaine 2023, tráth a leag an Coimisiún na cinntí sealadacha uaidh amach do TikTok, rud a chuir ar chumas TikTok leas a bhaint as an gceart a bhí aige éisteacht a fháil maidir leis na cinntí sin.

I mí Aibreáin 2025, chuir TikTok an Coimisiún ar an eolas faoi shaincheist a d'aimsigh sé arbh é an toradh a bhí uirthi gur stóráladh Sonraí de chuid Úsáideoirí in LEE ar fhreastalaithe sa tSín. Chuir TikTok in iúl don Choimisiún gur fhág sé sin gur sholáthair TikTok faisnéis mhíchruinn don Fhiosrúchán. Cé nach mbaineann an Cinneadh ach leis na haistrithe a rinne TikTok trí chianrochtain, cuireadh in iúl sa Chinneadh an imní dhomhain a bhí ar an gCoimisiún gur chuir TikTok faisnéis mhíchruinn faoi bhráid an Fhiosrúcháin. An 4 Iúil 2025, thosaigh an Coimisiún fiosrúchán ar leith dá dheoin féin chun breithniú a dhéanamh ar a dhlíthiúla a bhí aistrithe TikTok arbh é an toradh a bhí orthu gur stóráladh Sonraí de chuid Úsáideoirí in LEE ar fhreastalaithe sa tSín.

**<u>Cinntí sa Chinneadh</u>**

Agus iad leagtha amach ar bhealach níos mine thíos, cuireadh in iúl na cinntí seo a leanas sa Chinneadh:

1. Sháraigh TikTok Ireland Airteagal 46(1) RGCS nuair a mhainnigh sé a fhíorú, a ráthú agus a thaispeáint, agus é ag déanamh na nAistrithe Sonraí le linn an raoin feidhme ama, gur tugadh do na sonraí pearsanta de chuid Úsáideoirí in LEE a bhí ina n-ábhar do na hAistrithe Sonraí leibhéal cosanta a bhí coibhéiseach go bunúsach leis sin a ráthaítear laistigh den Aontas Eorpach.

2. Sháraigh TikTok Ireland Airteagal 13(1)(f) RGCS ón 29 Iúil 2020 go dtí an 1 Nollaig 2022 nuair a mhainnigh sé faisnéis riachtanach a thabhairt d’ábhair sonraí faoi na hAistrithe Sonraí agus nuair a mhainnigh sé faisnéis a thabhairt dóibh gur bhain an phróiseáil leis an gcianrochtain a bhí ag pearsanra atá lonnaithe sa tSín ar shonraí pearsanta a stóráiltear i Singeapór agus sna Stáit Aontaithe.

**Cinneadh 1: Sháraigh TikTok Airteagal 46(1) RGCS**

Le RGCS, tugtar ardleibhéal cosanta do shonraí pearsanta ar fud LEE agus tugtar cearta cosanta sonraí do dhaoine aonair. Nuair a aistrítear sonraí pearsanta chuig áiteanna lasmuigh de LEE, is féidir leis sin bac a chur ar an gcumas atá ag daoine aonair chun cearta a fheidhmiú agus is féidir leis dul timpeall ar an ardleibhéal cosanta sin. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach nach mbainfí an bonn den leibhéal cosanta a áirithítear le RGCS i gcás na n-aistrithe sin. Dá réir sin, ní fhéadfar aistrithe sonraí pearsanta a dhéanamh ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil V RGCS. Cinntítear leis sin go leanfar leis an ardleibhéal cosanta a thugtar laistigh den Aontas Eorpach i gcás go n-aistreofar sonraí pearsanta chuig tríú tír.

Foráiltear le hAirteagal 45(1) RGCS go bhféadfar aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír a údarú le cinneadh ón gCoimisiún Eorpach a mbeidh d’éifeacht leis go n-áiritheoidh an tríú tír, críoch nó ceann amháin nó níos mó d’earnálacha sonraithe laistigh den tríú tír sin leibhéal leordhóthanach cosanta (‘**Cinneadh Leordhóthanachta**’). Ní raibh an tSín ina hábhar do Chinneadh Leordhóthanachta. Sa mheasúnú a rinne TikTok é féin ar dhlí na Síne, leagadh amach conas a fhágann gnéithe de chreat dlíthiúil na Síne nach féidir a chinneadh go bhfuil sé coibhéiseach go bunúsach le dlí AE. Chuige sin, breithníodh sa mheasúnú ó TikTok, i measc nithe eile, dlíthe de chuid na Síne amhail an Dlí um Sceimhlitheoireacht a Chosc, an Dlí um Spiaireacht a Chomhrac, an Dlí Cibearshlándála agus an Dlí Faisnéise Náisiúnta.

In éagmais Cinneadh Leordhóthanachta, is amhlaidh le hAirteagal 46 RGCS a cheadaítear aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha má sholáthair an rialaitheoir sonraí nó an próiseálaí sonraí coimircí iomchuí, agus ar choinníoll go bhfuil cearta in-fhorfheidhmithe agus leigheasanna dlíthiúla éifeachtacha ar fáil d’ábhair sonraí. Ar an mbonn sin, bhraith TikTok ar Chlásail Chonarthacha Chaighdeánacha agus ar bhearta forlíontacha i gcás na Sonraí de chuid Úsáideoirí in LEE a d’aistrigh sé chuig an tSín.

I mbreithiúnas Schrems II ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, soiléiríodh, maidir le haistrithe a dhéantar trí bhrath ar Chlásail Chonarthacha Chaighdeánacha, nach mór dóibh leibhéal cosanta a áirithiú atá coibhéiseach go bunúsach leis sin a ráthaítear san Aontas Eorpach. Cuireadh in iúl sa bhreithiúnas sin freisin nach mór don rialaitheoir sonraí nó don phróiseálaí sonraí an leibhéal cosanta sin a fhíorú i bhfianaise na gcoimircí iomchuí agus na mbeart forlíontach agus nach mór don rialaitheoir sonraí nó don phróiseálaí sonraí na haistrithe a chur ar fionraí nó deireadh a chur leo i gcás nach féidir leis an leibhéal cosanta sin a ráthú.

I gcás go mbraitheann rialaitheoirí sonraí nó próiseálaithe sonraí ar Airteagal 46 RGCS le haghaidh aistrithe, níl aistrithe den sórt sin faoi réir réamhcheadú ó údaráis cosanta sonraí, agus ní thairbhíonn siad ach oiread de chinneadh leordhóthanachta ón gCoimisiún Eorpach ina dtagtar ar an gconclúid go n-áirithíonn an tríú tír leibhéal leordhóthanach cosanta. Dá bhrí sin, tá freagracht ar an rialaitheoir sonraí nó ar an bpróiseálaí sonraí a fhíorú agus a ráthú go bhfuil na sonraí pearsanta a aistrítear faoi réir leibhéal cosanta atá coibhéiseach go bunúsach leis sin a ráthaítear san Aontas Eorpach. Mura gcomhlíontar an oibleagáid sin, is aistrithe neamhdhleathacha iad aon aistrithe a dhéanfar ina dhiaidh sin.

Cé gur ghlac TikTok leis go bhfágann gnéithe de chreat dlíthiúil na Síne nach féidir a chinneadh go bhfuil sé coibhéiseach go bunúsach le dlí AE, mhaígh sé gur éirigh leis éifeachtacht na gClásal Conarthach Caighdeánach a áirithiú agus Sonraí de chuid Úsáideoirí in LEE a chosaint ar leibhéal a bhí coibhéiseach go bunúsach leis sin a ráthaítear laistigh den Aontas Eorpach nuair a chuir sé bearta forlíontacha chun feidhme chun a shocrú go gcuirfí na haistrithe chun feidhme trí chianrochtain shlán údaraithe. Leag TikTok béim ar an measúnú uaidh ar phrionsabal an chríochachais i ndlí na Síne agus ar an gconclúid uaidh nach bhfuil aon teidlíocht dhlíthiúil ag údaráis na Síne iallach a chur ar eagraíochtaí ná ar dhaoine aonair sa tSín sonraí nach stóráiltear go hinmheánach laistigh de chríoch na Síne a sholáthar. Mar sin féin, ba é an toradh a bhí ar an gcianrochtain a bhí ag fostaithe de chuid Eintitis Ghrúpa na Síne ná gur próiseáladh Sonraí de chuid Úsáideoirí in LEE ar chórais faisnéise ríomhaire sa tSín.

Cinntear sa Chinneadh gur sháraigh na haistrithe a rinne TikTok chuig an tSín Airteagal 46(1) RGCS toisc gur mhainnigh sé a fhíorú, a ráthú agus a thaispeáint gurbh éifeachtach a bhí na bearta forlíontacha agus na Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha chun a áirithiú gur tugadh do shonraí pearsanta na n-úsáideoirí in LEE leibhéal cosanta a bhí coibhéiseach go bunúsach leis an leibhéal cosanta sin a ráthaítear laistigh d'AE. Go háirithe, chinn an Coimisiún gurbh amhlaidh, maidir leis an mainneachtain ag TikTok measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar an leibhéal cosanta a thugtar le dlí agus cleachtais na Síne do na sonraí pearsanta de chuid úsáideoirí in LEE is ábhar d'aistrithe, i gcás go bpróiseálfar na sonraí pearsanta sin sa tSín, nach é amháin a rinne sí difear díreach don chumas a bhí ag TikTok chun coimircí iomchuí agus bearta forlíontacha a roghnú, ach gur chuir sí cosc ar TikTok freisin leibhéal cosanta a bhí coibhéiseach go bunúsach a fhíorú agus a ráthú.

**Cinneadh 2: Sháraigh TikTok Airteagal 13(1)(f) RGCS**

Ceanglaítear le hAirteagal 13(1)(f) RGCS ar rialaitheoirí sonraí faisnéis a thabhairt d'ábhair sonraí faoi na haistrithe a dhéanann an rialaitheoir sin ar shonraí pearsanta chuig tríú tír. Bhreithnigh an Coimisiún an Beartas Príobháideachta maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a d'fhoilsigh TikTok i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus chinn sé go raibh an beartas sin neamh-leordhóthanach ar dhá phríomhbhealach chun críocha Airteagal 13(1)(f) RGCS.

Ar an gcéad dul síos, níor ainmníodh i mBeartas Príobháideachta na bliana 2021 na tríú tíortha, an tSín san áireamh, ar aistríodh sonraí pearsanta chucu. Ar an dara dul síos, níor míníodh i mBeartas

Príobháideachta na bliana 2021 cineál na n-oibríochtaí próiseála atá i gceist leis an aistriú. Rud sonrach, níor sonraíodh i mBeartas Príobháideachta na bliana 2021 gur áiríodh leis an bpróiseáil an chianrochtain a bhí ag pearsanra atá lonnaithe sa tSín ar shonraí pearsanta a stóráiltear i Singeapór agus sna Stáit Aontaithe.

Nuashonraigh TikTok a Bheartas Príobháideachta le linn an Fhiosrúcháin agus thug sé don Choimisiún an Beartas Príobháideachta maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a d'fhoilsigh sé i mí na Nollag 2022. Is amhlaidh a sonraíodh sa Bheartas Príobháideachta sin na tríú tíortha ar aistríodh sonraí de chuid úsáideoirí in LEE chucu. Cuireadh in iúl d'Úsáideoirí in LEE sa Bheartas Príobháideachta sin freisin gur stóráladh sonraí pearsanta ar fhreastalaithe sna Stáit Aontaithe agus i Singeapór agus go raibh cianrochtain orthu sin ag eintitis i ngrúpa corparáideach TikTok atá lonnaithe sa Bhrasaíl, sa tSín, sa Mhalaeisia, sna hOileáin Fhilipíneacha, i Singeapór agus sna Stáit Aontaithe.

Mheas an Coimisiún an Beartas Príobháideachta maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a d'fhoilsigh TikTok i mí na Nollag 2022 a bheith ina bheartas a chomhlíonann ceanglais Airteagal 13(1)(f) RGCS maidir leis na hAistrithe Sonraí atá faoi réir raon feidhme ábhartha an Chinnidh. Dá bhrí sin, baineann fad an tsáraithe ar Airteagal 13(1)(f) RGCS sa Chinneadh leis an tréimhse ón 29 Iúil 2020 go dtí an 1 Nollaig 2022.

**Achoimre ar Chinntí**

| Uimh. | Airteagal de RGCS | Cinntí |
|---|---|---|
| 1 | 46(1) | Chinn an Coimisiún gur sháraigh TikTok Airteagal 46(1) RGCS le linn raon feidhme ama an Fhiosrúcháin nuair a mhainnigh sé a fhíorú, a ráthú agus a thaispeáint, agus é ag déanamh na nAistrithe Sonraí, gur tugadh do na sonraí pearsanta de chuid Úsáideoirí in LEE a bhí ina n-ábhar do na hAistrithe Sonraí leibhéal cosanta a bhí coibhéiseach go bunúsach leis sin a ráthaítear laistigh den Aontas Eorpach. |
| 2 | 13(1)(f) | Chinn an Coimisiún gur sháraigh TikTok Airteagal 13(1)(f) RGCS ón 29 Iúil 2020 go dtí an 1 Nollaig 2022 nuair a mhainnigh sé faisnéis riachtanach a thabhairt d'ábhair sonraí faoi na hAistrithe Sonraí agus nuair a mhainnigh sé faisnéis a thabhairt dóibh gur bhain an phróiseáil leis an gcianrochtain a bhí ag pearsanra atá lonnaithe sa tSín ar shonraí pearsanta a stóráiltear i Singeapór agus sna Stáit Aontaithe. |

**Bearta Ceartaitheacha**

I gcás go ndéanann an Coimisiún cinneadh faoi alt 111(1)(a) den Acht, ní mór dó freisin cinneadh a dhéanamh faoi alt 111(2) maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cumhacht cheartaitheach a fheidhmiú i ndáil leis an rialaitheoir nó leis an bpróiseálaí lena mbaineann agus, dá mba cheart, ní mór dó cinneadh a dhéanamh ar an gcumhacht cheartaitheach atá le feidhmiú.

Tar éis dó na sáruithe ar RGCS atá leagtha amach thuas a bhreithniú, chinn an Coimisiún na cumhachtaí ceartaitheacha seo a leanas a fheidhmiú de réir Airteagal 58(2) RGCS:

- Ordú de bhun Airteagal 58(2)(j) RGCS lena gceanglaítear ar TikTok Ireland na hAistrithe Sonraí a chur ar fionraí.

- Ordú de bhun Airteagal 58(2)(d) RGCS lena gceanglaítear ar TikTok Ireland an phróiseáil a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht. Leis an ordú sin, ceanglaítear ar TikTok a áirithiú, a luaithe a thiocfaidh an t-ordú i bhfeidhm, go scoirfear láithreach de phróiseáil a dhéanamh ar aon Sonraí de chuid Úsáideoirí in LEE atá lonnaithe sa tSín ag an am sin mar thoradh ar an Réiteach Cianrochtana.

- Dhá fhíneáil riaracháin de bhun Airteagal 58(2)(i) RGCS mar a leanas:
    i. Fíneáil €485 mhilliún maidir le sárú TikTok ar Airteagal 46(1) RGCS.
    ii. Fíneáil €45 mhilliún maidir le sárú TikTok ar Airteagal 13(1)(f) RGCS.

Agus é ag cinneadh dhá fhíneáil riaracháin dar luach iomlán €530 milliún a fhorchur, thug an Coimisiún aird chuí ar na tosca atá leagtha amach in Airteagal 83(2) RGCS. Mheas an Coimisiún freisin gur chomhlíon fíneálacha riaracháin dar luach iomlán €530 milliún na ceanglais atá in Airteagal 83(1) RGCS á rá go mbeadh fíneálacha éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Sular glacadh é, chuir an Coimisiún dréacht den chinneadh uaidh faoi bhráid na nÚdarás Maoirseachta lena mBaineann i mí Feabhra 2025, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 60(3) RGCS. Níor tharraing na hÚdaráis Mhaoirseachta lena mbaineann aon agóidí (chun críche Airteagal 60(4) RGCS) in aghaidh an dréachtchinnidh.